




# An Painéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh


*Achoimre ar Sheisiún 2*

[15-17 Márta 2024]








## Imeacht ó na constaicí go dtagaimid ar réitigh: Achoimre ar an seisiún idirghníomhach ar líne

Ag an dara seisiún den Phainéal Saoránach Eorpach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh tháinig suas le 144 rannpháirtí le chéile ó gach cearn den Eoraip le haghaidh deireadh seachtaine díospóireachta ar líne, imeacht a óstáladh laistigh de thimpeallacht fhíorúil ‘Hyperfair’ ar líne agus Interactio.

Ba é ba chuspóir don seisiún na chéad mholtaí a phlé agus a dhréachtú ar bhonn sé phríomhthopaic a sainaithníodh le linn Sheisiún 1: trí thopaic earnálacha (foirgnimh, iompar, agus bonneagar fuinnimh) agus trí cheist uileghabhálacha (ceartas sóisialta, an tAontas i ngeilleagar domhanda, leasanna na ngníomhaithe éagsúla).

Ach an oiread leis an gcéad Seisiún, sa seisiún seo ar líne rinneadh na saoránaigh a roinnt ina 12 fhoghrúpa ar an Satharn, agus rinneadh an plé de réir an struchtúir seo a leanas:

- **Tobsmaointeoireacht**: D’oibrigh gach grúpa ar thopaic a sannadh dóibh agus phléigh siad smaointe chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Trí phróiseas a bhí á threorú ag saineolaithe, dhréachtaigh na saoránaigh 1-2 dhréachtmholadh an duine maidir leis an topaic sin.
- **Forbairt**: Tar éis sos gairid, rinne na saoránaigh mionchoigeartú ar a moladh agus roghnaigh siad ‘ambasadóir’ chun a gcuid smaointe a chur faoi bhráid meitheal eile.
- **Aiseolas agus athbhreithniú**: Sa tráthnóna, iarradh ar gach meitheal obair a dhéanamh ar mholadh a rinne meitheal eile agus é a phlé, a chomhlánú agus é a fhorbairt. D’fhág sin go raibh na meithleacha in ann a bheith ag obair ar níos mó ná topaic amháin agus go raibh an oiread formhaoirseachta agus aiseolais ann agus ab fhéidir.

# Seisiún 2: Lá i ndiaidh lae

## LÁ 01

**Focal fáilte ó Mechthild Wörsdörfer, Leas-Ardstiúrthóir - Ard-Stiúrthóireacht an Fhuinnimh (AS ENER): "*Tá níos mó i gceist le bunphrionsabal na hÉifeachtúlachta Fuinnimh ná cur i bhfeidhm dlíthiúil. Cé go gcaithfear an prionsabal sin a chur i bhfeidhm tráth géarchéime, ní mór do na hearnálacha uile é a leanúint an t-am ar fad.*"**

**Amharc siar ar na haighneachtaí ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach**

Bhí na haighneachtaí ar an ardán dírithe ar naoi ngné le haghaidh níos mó éifeachtúlachta fuinnimh: feasacht, aisfheistiú fuinnimh, tacaíocht agus fóirdheontais, soghluaisteacht, dlúthpháirtíocht, téamh, fuinneamh glas a stóráil, soilsiú, spásanna glasa agus measúla.

**Aiseolas ó na saineolaithe**

Thug saineolaithe ón gCoiste Eolais aiseolas agus saineolas maidir le hábhar sheisiún 1 mar ullmhúchán don phlé a tháinig ina dhiaidh.

## LÁ 02

Ar an Satharn rinneadh an plé i bhfoghrúpaí. Mar gheall ar an bhformáid fhíorúil bhí cúpla coigeartú theicniúla ag teastáil ag tús an lae, ach ina dhiaidh sin bhí plé agus malartú luachmhar ann.

**Tobsmaointeoireacht ar phríomhthopaicí**

De réir an ghrúpa ina raibh siad, phléigh na rannpháirtithe trí earnáil (foirgnimh, iompar agus bonneagar fuinnimh), agus d'fhiafraigh siad díobh féin conas a d'fhéadfaí na hearnálacha sin a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de, chomh maith le saincheisteanna trasearnálacha (mar shampla ceartas sóisialta, an tAontas i ngeilleagar domhanda agus leasanna éagsúla na bpáirtithe leasmhara), chun léargas cuimsitheach a fháil ar an gcóras fuinnimh agus a chomhpháirteanna.

**Teacht le chéile ar líne**

Ag deireadh an lae, iarradh ar na rannpháirtithe páirt a ghlacadh in imeacht a bhí níos sóisialta agus níos réchúisí, imeacht a d'fhág go mbeidís in ann fanacht i dteagmháil le chéile agus sult a bhaint as an atmaisféar cairdiúil fíorúil.

## LÁ 03

Cuireadh tús leis an lá deiridh den seisiún seo le dhá fho-sheisiún iomlánacha a raibh 75 rannpháirtí páirteach iontu. Ba é an chuspóir a bhí leo tuairimí na rannpháirtithe maidir leis an seisiún ar líne a mhalartú agus na moltaí a phlé. Ó chonstaicí go réitigh, bhí na rannpháirtithe in ann a scéalta agus taithí pearsanta agus an méid a d'fhoghlaim siad óna ngrúpa a roinnt sna fo-sheisiúin iomlánacha sin agus breis mhachnaimh a dhéanamh ar an teannas agus ar na castachtaí atá ann i dtaca le moladh a dhréachtú.

**Teacht le chéile i seisiún iomlánach:**

Thug na rannpháirtithe faoi deara go raibh cosúlachtaí agus dúshláin chomhchosúla idir na smaointe agus na réitigh a tarraingíodh anuas Dé Sathairn, cé nach raibh siad ag obair ar an topaic chéanna ná nach raibh an pointe machnaimh céanna acu. Trí mhiondifríochtaí a thug siad faoi deara ina dtaithí féin a lua, bhí an painéal in ann dearcthaí na rannpháirtithe a fhorbairt agus feabhas a chur ar na dréachtmholtaí a chuirfear i gcrích le linn sheisiún 3. Tá roinnt ceisteanna fós le freagairt agus beidh siad sin mar ábhar do sheisiún deiridh an phainéil seo.

## An Clár Oibre do Sheisiún 2

| LÁ 01 | |
|---|---|
| **14:30 - 15:30** | Focal fáilte agus léargas ar thimpeallacht Hyperfair |
| **15:30 - 16:20** | Torthaí Sheisiún 1 a chur i láthair agus ionchur ó Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach |
| **16:20 - 18:00** | Anailís mhion le saineolaithe an Choiste Eolais ar phríomhthopaicí a tarraingíodh anuas i Seisiún 1 |
| **18:00 - 18:30** | Ullmhúchán do Lá 2 |

| LÁ 02 | |
|---|---|
| **09:00 - 09:30** | Fáilte agus tobsmaointeoireacht ar na topaicí |
| **11:00 - 12:15** | Céim oibre 1: Moladh maidir le ceann de na sé phríomhthopaic a dhréachtú |
| **13:45 - 16:30** | Céim oibre 2: Feabhas a chur ar mholadh amháin agus é a chur faoi bhráid grúpa eile<br>Céim oibre 3: Bacainní a bhriseadh, obair ar mholtaí ó ghrúpa eile |
| **16:30 - 17:30** | Machnamh agus imeacht sóisialta ar an ardán Hyperfair |

| LÁ 03 | |
|---|---|
| **10:00 - 11:40** | Fo-sheisiúin iomlánacha: plé ar na dréachtmholtaí le comhshaoránaigh chun aiseolas agus ceisteanna a bhailiú le haghaidh Sheisiún 3 |
| **12:40 - 13:25** | Seisiún Iomlánach: Aiseolas ó na fo-sheisiúin iomlánacha agus taifead grafach Sylvain ar phlé an deireadh seachtaine a chur i láthair |
| **13:25 - 14:00** | Meastóireacht ar an deireadh seachtaine agus ullmhúchán do Sheisiún 3 |

Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach na hAoine

Cliceáil anseo chun féachaint ar thaifead sheisiún iomlánach an Domhnaigh

# Sainléargais ar na sé phríomhthopaic

**Yves Marignac, Cumann négaWatt, an Fhrainc:** *Conas a oibríonn an córas fuinnimh? Cad iad na hearnálacha fuinnimh atá faoi chaibidil?*

**Linda Steg, Síceolaí:** *Conas atá bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh bainteach leis an bhfaisnéis agus leis an athrú iompair?*

**Claudia Canevari, AS ENER an Coimisiún Eorpach:** *Cad é úrscothacht na n-iarrataí éifeachtúlachta fuinnimh atá ar bun ag an Aontas faoi láthair?*

**Arianna Vitali, Comhghuaillíocht an Choigiltis Fuinnimh:** *Cad iad príomhghnéithe na rialála agus an mhaorlathais i dtaca le héifeachtúlacht fuinnimh?*

**Camille Defard, Ionad Fuinnimh Jacques Delors:** *Cad iad na deiseanna agus na dúshláin atá ann agus muid ag féachaint ar cheist na scileanna agus ar cheist an lucht saothair maidir le héifeachtúlacht fuinnimh?*

**Reinhard Six, Sainchomhairleoir neamhspleách ar mhaoiniú na héifeachtúlachta fuinnimh:** *Seo í an cheist mhór: bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus maoiniú, conas a oibríonn sin?*

# Tuairimí ó bheirt saineolaithe ó na seisiúin iomlánacha

## Yves Marignac, Cumann négaWatt

“Tá an córas fuinnimh casta. Chun é a thuiscint, caithfimid anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile a bhaineann leis. Cibé acu iompar, foirgnimh, nó bonneagar fuinnimh faoi chaibidil againn, caithfimid cinnte a dhéanamh de gur féidir le gach duine na hathruithe céanna a dhéanamh. Is ceist ceartais shóisialta atá ann. Ina theannta sin ní mór dúinn ceist an spleáchais fuinnimh a chur san áireamh. Sa lá atá inniu ann, an chuid is mó den fhuinneamh a úsáidtear san Aontas, déantar é a iompórtáil. D’fhéadfaimis machnamh a dhéanamh ar chóras fuinnimh eile a bheadh bunaithe ar eacnamaíocht chiorclach agus áitiúil.”

## Linda Steg, Ollamh le Síceolaíocht Chomhshaoil

“Má chuirimid chun tosaigh na buntáistí comhshaoil a bheadh ag gabháil le hathrú iompair, beidh daoine spreagtha chun gníomhú má tá a bhfeasacht múscailte maidir leis na topaicí sin. Uaireanta ní bhíonn an t-eolas a fhaigheann saoránaigh sách indéanta nó tarraingteach chun gníomhú dá réir (mar shampla, tithe a insliú do thionóntaí, feithiclí leictreacha neamhéifeachtúla má tá siad róchostasach do shaoránaigh). Ní mór dúinn cuimhneamh go gcuireann an cothromas le glacadh beart nua.”

# An príomhfhigiúr

## 30 uair a fuarthas ionchur ó fhoghrúpaí

Ar an Satharn d'fhreagair baill den Choiste Eolais na ceisteanna a chuir na meithleacha, idir fhreagraí scríofa agus roinnt ionchur beo i bhfoghrúpaí. Thug na léargais chabhracha sin tuilleadh ionchuir do na saoránaigh chun dul chun cinn a dhéanamh lena bpléití agus leis na moltaí gaolmhara, dearcthaí nua a thabhairt, príomhghnéithe a shainiú, roinnt pointí teicniúla a shoiléiriú nó níos mó eolais a fháil ar ábhar faoi leith.

# Ceisteanna & freagraí le José (72), ón bPortaingéil

### Conas a mhothaíonn tú tar éis an deireadh seachtaine ar líne?

*"Mothaím go hiontach, ba dhíol mór spéise dom na ceisteanna agus tuairimí éagsúla a roinn na rannpháirtithe a chloisteáil. Is próiseas foghlama é an Painéal i ndáiríre. Shíl mé go raibh ionchur na saineolaithe an-úsáideach chun ár gceisteanna a fhreagairt agus léargas níos cuimsithí a fháil ar an topaic a tarraingíodh anuas le linn an phlé. Is díol sásaimh dom freisin gur fhan mé i dteagmháil le cuid de na saoránaigh a casadh orm le linn an chéad seisiúin agus bhíomar in ann dul i mbun plé arís an deireadh seachtaine seo."*

### Cad iad na príomhrudaí a bhain tú as an seisiún?

*"Bhí mé in ann comparáid a dhéanamh idir na difríochtaí idir Ballstáit den Aontas: anseo sa Phortaingéil, bíonn orainn dul i ngleic le go leor maorlathais agus nósanna imeachta fadálacha, rud a thógann cuid mhór ama agus a fhágann go mbíonn sé deacair infheistiú i gcóras fuinnimh in-athnuaite agus é a chur i bhfeidhm, mar shampla. Chonaic mé an chaoi a bhféadfadh pobail fuinnimh feidhmiú mar bhealach chun soláthar fuinnimh a chinntiú, cur amú fuinnimh a sheachaint agus costais a laghdú.*

*Is dóigh liom gur cheart feasacht na ndaltaí a mhúscailt faoin topaic seo ar scoil, toisc gurb é ár dtodhchaí atá i gceist, agus ba cheart dóibh foghlaim faoi."*

### Ar labhair tú faoin bPainéal leis na daoine a bhfuil tú mór leo?

*"Ós rud é go raibh roinnt fadhbanna teicniúla agam, d'iarr mé ar bheirt chairde de mo chuid, atá níos óige ná mé, cuidiú liom, agus bhí siadsan in ann foghlaim faoin éifeachtúlacht fuinnimh, an fuinneamh in-athnuaite, an t-iompar, foirgnimh, an maorlathas... Phléamar go leor topaicí leis an bPainéal. Thuig mé ansin cé chomh tábhachtach atá sé go mbeadh rochtain ag gach duine ar eolas faoin éifeachtúlacht fuinnimh."*

# Príomhléargais ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach

## 9 ngné agus 20 topaic ó na saoránaigh

### Feasacht

- Feasacht a mhúscailt
- Cruinnithe agus malartuithe a eagrú ag gach leibhéal
- Saoránaigh a chur ar an eolas ó aois óg
- Saoránaigh a chur ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh
- Saoránaigh a spreagadh chun a n-iompair a athrú

### Dlúthpháirtíocht

- Dlúthpháirtíocht mar fhreagairt ar an ngéarchéim éiceolaíoch

### Aisfheistiú Fuinnimh

- Gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh
- Troid in aghaidh foirgnimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh
- Nósanna imeachta a shimpliú

### Soilsiú

- Nósanna soilsithe a athrú

### Tacaíocht agus fóirdheontais

- Fóirdheontais a chur i bhfeidhm agus dianchaighdeáin a fhorfheidhmiú
- Cánacha chun tomhaltas freagrach a spreagadh
- Infheistiú chun úsáid fuinnimh difriúil a spreagadh

### Trácht agus soghluaisteacht bhog

- Iompar inbhuanaithe a spreagadh
- Modhanna nua iompair a chur in ionad modhanna iompair a thruaillíonn go mór

### Spásanna glasa agus measúla

- Tírdhreacha a urramú
- Cathracha a ghlasú

### Téamh

- Córais téimh a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla
- Réitigh maidir le téamh ceantair a chur i bhfeidhm


### Fuinneamh glas a chruthú agus a

- Fuinneamh glas a úsáid agus a stóráil ar bhealach níos fearr

[Caith súil ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach]

## An deireadh seachtaine trí shúile ár dtaifeadóra ghrafaigh, Sylvain Mazas

Le haghaidh Sheisiún 2, chuir Sylvain Mazas forbairt an phlé i láthair le grafaicí. Tugtar léargas thíos ar a chuid oibre, ina léirítear conas a thaispeáin sé imeachtaí na seisiún iomlánach ar bhealach tarraingteach físiúil, rud a chuir go mór le dinimic an tseisiúin.










## Meabhrúchán agus cuspóirí na dtrí sheisiún

**Seisiún 1,** 23-25 Feabhra 2024: Taithí na saoránach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus an tuiscint atá acu ar na príomhdhúshláin atá roimh an gcóras fuinnimh ina iomláine.

**Seisiún 2,** 15-17 Márta 2024: Béim ar dhul ó dhúshláin go réitigh agus dréachtmholtaí.

**Seisiún 3,** 12-14 Aibreán 2024: Moltaí a dhaingniú, a phlé agus a fhormhuiniú.